**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunalul București (an Chúirt Réigiúnach, Búcairist, an Rómáin) arna taisceadh an 3 Meitheamh 2022 — VS, TU, RW v Ryanair DAC**

**(Cás C-362/22)**

(2022/C 368/22)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunalul Bucureşti

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* VS, TU, RW

*Cosantóir:* Ryanair DAC

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 [1], a léirmhíniú sa chiall go bhfuil feidhm ag an gcúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 7, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(3), maidir le daoine atá ag taisteal le duine ar diúltaíodh dul ar bord dó agus, fiú murar diúltaíodh dul ar bord dó féin, nach mian leo nó nach bhfuil suim acu a thuilleadh i taisteal gan an duine ar diúltaíodh dul ar bord dó?

(1) IO 2004 L 46, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunalul Satu Mare (an Rómáin) a taisceadh an 10 Meitheamh 2022 – Nord Vest Pro Sani Pro SRL v Administrația Județeană a Finanțelor Publice Satu Mare, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca**

**(Cás C-387/22)**

(2022/C 368/23)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunalul Satu Mare

**Páirtí sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Nord Vest Pro Sani Pro SRL

*Cosantóir:* Administrația Județeană a Finanțelor Publice Satu Mare, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca

**An cheist a tharchuirtear**

An gá forálacha dhlí [an Aontais] [i dtrácht] a léirmhíniú sa chiall go gcuirtear cosc nó nach gcuirtear cosc ar chás dlíthiúil amhail an cás atá faoi chonspóid sa chás seo, ina bhféadfaidh reachtas na Rómáine déileáil go héagsúil, ó thaobh cánach de, le cuideachtaí na Rómáine gnó a sheoladh ar chríoch Stát na Rómáine agus iad siúd a sheolann gnó ar chríoch na mBallstát eile, agus mar thoradh air sin nach mbaineann an chuideachta is iarratasóir, a sholáthair seirbhísí go príomha san Ostair agus sa Ghearmáin, leas as na díolúintí cánach atá ag cuideachtaí eile san earnáil tógála a dhéanann a ngnóthaí sa Rómáin?